




POLASAÍ FOLLÁINE SAN IONAD OIBRE

Leagan: 2

Dáta ar dhaingnigh Foireann Bainistíochta Sinsearaí BOOÁC DL é: 11/03/2024

An Dáta ar nótladh é ag Bord Bainistíochta BOOÁC DL: 25/03/2024

Sínithe ag:  (PF)

Uaslódáilte chuig Inlín BOOÁC

Leaganacha Béarla agus Gaeilge uaslódáilte ar Shuíomh Gréasáin BOOÁC DL:

Tá: Níl:

Dáta le haghaidh an athbhreithnithe: 25/03/2025

Uimhir an Pholasaí: PL/39	Uimhir an Leagain: v2/2024
Leaganacha roimhe seo versions: v1/2022	An Dáta Tosaithe: 25/03/2024
Faofa/Nótáilte ag an mBord: 25/03/2024	Dáta an athbhreithnithe: 25/03/2025

POLASAÍ FOLLÁINE SAN IONAD OIBRE

1 Cuspóir

Is cuspóir an pholasaí seo breac-chuntas a thabhairt ar thiomantas BOOÁC DL d'fholláine san ionad oibre. Sainmhíníonn BOOÁC DL folláine san ionad oibre mar aon

ghníomhaíocht chur chun cinn nó pholasaí eagraíochtúil atá deartha chun tacú le cultúr iompair agus dearthaí sláintiúla san ionad oibre agus chun torthaí sláinte a fheabhsú d'fhostaithe. Baineann an polasaí seo le gach fostaí de chuid an BOO, lánaimseartha, páirtaimseartha agus sealadach.

Aithníonn BOOÁC DL an tábhacht a bhaineann le folláine fostaithe agus go bhfuil timpeallacht oibre a chothaíonn agus a thacaíonn le folláine fostaithe an-tairbheach do gach duine lena mbaineann. Tá BOOÁC DL tiomanta do chur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith an réimse seo agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar a chur chuige i gcomhréir le forbairtí inmheánacha agus seachtracha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fholláine fostaithe.

2 Prionsabail

Leagtar amach thíos na prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag cur chuige BOOÁC DL maidir le folláine fostaithe.

2.1 Rannpháirtíocht Fostaithe

Tá BOOÁC DL tiomanta d'fhostaithe a bheith rannpháirteach ann. Is féidir é seo a bhaint amach trí aiseolas ó fhostaithe a lorg agus trí pháirt a thabhairt d'fhostaithe i ndearadh agus imscaradh tionscnamh folláine fostaithe ar leith. Féadfaidh aon fhostaí aonair ar mian leis nó léi é sin a dhéanamh dul i dteagmháil lena b(h)ainisteoir chun plé rúnda a dhéanamh ar a f(h)olláine féin san ionad oibre.

2.2 Athbhreithniú rialta

Déanfaidh BOOÁC DL athbhreithniú rialta ar na sonraí atá ar fáil chun aon réimsí a shainaithint ina bhfuil gá le fócas athnuaite ar fholláine fostaithe. D'fhéadfadh athbhreithniú ar shonraí neamhláithreachta/tinrimh ar fud na cuideachta a bheith i gceist leis seo nó aiseolas ó fhostaithe a aimsiú go gníomhach ar shaincheisteanna sonracha. Sa chás go bhfuil éilimh athraithe nó mhéadaithe ag an ngnó, beidh folláine na bhfostaithe a bhfuil tionchar acu orthu ina phríomh-bhreithniú.

Uimhir an Pholasaí: PL/39	Uimhir an Leagain: v2/2024
Leaganacha roimhe seo versions: v1/2022	An Dáta Tosaithe: 25/03/2024
Faofa/Nótáilte ag an mBord: 25/03/2024	Dáta an athbhreithnithe: 25/03/2025

2.3 Tacaíocht do bhainisteoirí agus d'fhostaithe

Déanfaidh BOOÁCDL cinnte de go nglacfar céimeanna cuí chun a chinntiú go bhfuil bainisteoirí in ann déileáil le ceistanna maidir le folláine fostaithe. Tá sonraí na Scéime Cúnaimh d'Fhostaithe ar fáil thíos.

2.4 Cumarsáid

Tá BOOÁCDL tiomanta dá pholasaí maidir le folláine a chur in iúl d'fhostaithe agus a chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí atá ar fáil ar eolas ag an bhfoireann. Moltar d'fhostaithe moltaí agus aiseolas a chur in iúl don fhoireann bhainistíochta.

2.5 Faireachán agus bainistiú

Cinntoidh BOOÁCDL go mbreithneofar ar an bhfreagracht as monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar fholláine fostaithe nuair a bheidh polasaithe gaolmhara, amhail Sláinte agus Sábháilteacht agus obair sholúbtha á nuashonrú.

3 Acmhainní

3.1 Roghanna/polasaithe oibre solúbtha

Is féidir le fostaithe teacht ar shocruithe solúbtha oibre de réir an pholasaí seo.

3.2 Polasaí bainistíochta neamhláithreachta

Tá an BOO tiomanta do mhonatóireacht agus do bhainistiú cásanna neamhláithreachta chun a fillleadh ar an obair a chinntiú go tráthúil agus go dtacaítear leo. Beidh rochtain ag an BOO ar achmhainní amhail atreoruithe sláinte agus comhairle ghairmiúil eile nuair is gá chun tacú le bainistiú neamhláithreachta.

3.3 Polasaí comhionannais éagsúlachta

Leagtar amach sa pholasaí seo tiomantas an BOO d'ionad oibre atá saor ó aon chiapadh agus bulaíocht san ionad oibre. Leagtar amach sa pholasaí seo tiomantas an BOO glacadh le héagsúlacht san ionad oibre chomh maith leis na hacmhainní atá ar fáil d'fhostaithe chun aghaidh a thabhairt ar aon imní maidir le sárúithe féideartha ar an bpolasaí seo. Cinntoidh an BOO freisin go gcomhlíonfaidh sé a chuid oibleagáidí maidir le freastail réasúnta a sholáthar d'aon fhostaithe san áit atá faoi mhíchumas san áit ionad oibre.

Uimhir an Pholasaí: PL/39	Uimhir an Leagain: v2/2024
Leaganacha roimhe seo versions: v1/2022	An Dáta Tosaithe: 25/03/2024
Faofa/Nótáilte ag an mBord: 25/03/2024	Dáta an athbheithnithe: 25/03/2025

3.4 Aiseolas d'fhostaithe

Tuigeann BOOÁCDL an luach a bhaineann le haiseolas tráthúil agus oibiachtúil d'fhostaithe maidir lena bhfeidhmíocht. Cinnteoidh an BOO go mbeidh sé d'acmhainn ag bainisteoirí agus fostaithe comhráite rialta a bheith acu maidir le feidhmíocht.

3.5 Beartas Sláinte agus Sábháilteachta

Cuireann an BOO an-tábhacht le sláinte agus sábháilteacht fostaithe san ionad oibre. Leagtar amach sa pholasaí Sláinte agus Sábháilteachta, mar aon leis an ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta, tiomantais na cuideachta agus freagrachtaí na bhfostaithe ina leith seo.

3.6 Am Oibre

Is féidir teacht ar an bpolasaí seo maidir le tréimhsí scíthe agus amanna sosa sna hAchtanna um Am Oibre 1997-2015 agus ba cheart do bhainisteoirí a chinntiú go rialta go bhfuil uaireanta oibre agus amanna sosa fostaithe ag cloí leis an reachtaíocht agus go bhfuil siad comhsheasmhach le timpeallacht oibre a chothaíonn folláine fostaithe.

3.7 Polasaithe maidir le Saoire Ama Téarma/Sciar Poist/Sos Gairme

Tugtar breac-chuntas sa pholasaí seo ar chur chuige an BOO maidir le hiarratais ar shaoire ón obair a bhainistiú chúiseanna pearsanta.

3.8 Cumarsáid

Cuirfidh BOOÁCDL rochtain ar fáil ar acmhainní agus ar fhaisnéis maidir le folláine san ionad oibre ar bhonn leanúnach. D'fhéadfadh aclaíocht fhisiciúil, aiste bia agus, meabhairshláinte a bheith i gceist le hábhair den sórt sin.

3.9 An Clár Cúnaimh (CCF)

Is seirbhís comhairleoireachta rúnda í ár Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe (SCF) a chuireann tacaíocht folláine ar fáil. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis seo mar seo a leanas:

Saorghlao IRE: 1800 411 057 SMS agus WhatsApp: Téacsáil 'Hi' chuig 873690010

Tá na polasaithe seo agus Polasaithe uile BOOÁCDL ar fáil ar [Láithreán Gréasáin BOOÁCDL](#).

Uimhir an Pholasáí: PL/39	Uimhir an Leagain: v2/2024
Leaganacha roimhe seo versions: v1/2022	An Dáta Tosaithe: 25/03/2024
Faofa/Nótáilte ag an mBord: 25/03/2024	Dáta an athbhreithnithe: 25/03/2025

4 Imeachtaí/cur chun cinn folláine san ionad oibre

Tá BOOÁCDL tiomanta do roinnt príomhimeachtaí folláine san ionad oibre a óstáil gach bliain. Bunófar coiste folláine in 2024. I measc na bpríomhimeachtaí/imeachtaí chur chun cinn atá againn tá ach níl sé teoranta dóibh.

- Lá folláine san ionad oibre
- Mí feasachta meabhairshláinte i mí na Bealtaine
- Cuireadh do phríomhchainteoirí chun folláine a phlé.
- Cuir chun cinn bia sláintiúil
- Ranganna aclaíochta/gníomhaíochta
- Oiliúint aireachais
- Seachtainí téamacha e.g. seachtain an chroí fholláin, seachtain feasachta aipse.

5 Athbhreithniú ar an bpolasaí seo

Déanfaidh BOOÁCDL an beartas seo a nuashonrú ó am go ham chun aon athruithe agus forbairtí ina chur chuige maidir le folláine san ionad oibre a léiriú.

Uimhir an Pholasaí: PL/39	Uimhir an Leagain: v2/2024
Leaganacha roimhe seo versions: v1/2022	An Dáta Tosaithe: 25/03/2024
Faofa/Nótáilte ag an mBord: 25/03/2024	Dáta an athbhreithnithe: 25/03/2025

